CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2022/1526 ÓN gCOMHAIRLE

an 9 Meán Fómhair 2022

lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Ceanada maidir le Comhaontú maidir leis na prionsabail ghinearálta lena rialaítear rannpháirtíocht Cheanada i gcláir an Aontais agus maidir le comhlachas Cheanada le Fís Eorpach — an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 186 agus 212, i gcomhréir le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bhrí gur cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn comhaontú a thabhairt i gcrích le Ceanada maidir leis na prionsabail ghinearálta lena rialaítear rannpháirtíocht Cheanada i gcláir an Aontais agus maidir le comhlachas Cheanada le Fís Eorpach — an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo údaraítear don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht le Ceanada, thar ceann an Aontais, chun comhaontú a thabhairt i gcrích maidir leis na prionsabail ghinearálta lena rialaítear rannpháirtíocht Cheanada i gcláir an Aontais agus maidir le comhlachas Cheanada le Fís Eorpach — an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027).

Airteagal 2

Déanfar an chaibidlíocht ar bhonn treoracha caibidlíochta na Comhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 3

Déanfar an chaibidlíocht i gcomhairle leis an Meitheal um Chaidreamh Trasatlantach, maidir le hábhair a bhaineann leis na coinníollacha ginearálta maidir le rannpháirtíocht Cheanada in aon chláir de chuid an Aontais, agus leis an Meitheal um Thaighde, maidir le hábhair a bhaineann leis na coinníollacha sonracha maidir le rannpháirtíocht Cheanada sa Chlár Fís Eorpach.

Airteagal 4

Is chuig an gCoimisiún Eorpach a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. SÍKELA